TREOIRLÍNTE MAIDIR LE COMHLÍONADH FHORÁLACHA NA nACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ 1995 AGUS 2001

TREOIRLÍNTE DO SHEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ (An Deichiú hEagrán)

Samhain 2013

(Aguisíní 2 agus 3 cothrom le dáta Nollaig 2018 ; Nuashonraíodh rátaí pá na Státseirbhíse go 1 Deireadh Fómhair 2023)

Clár

Réamhrá

- 1. Reachtaíocht Iomchuí
- 2. Réamhrá leis na Treoirlínte
- 3. Seirbhísigh Phoiblí lena mbaineann na Treoirlínte
- 4. Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh ginearálta
- 5. Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh sonrach
 - (i) An tArd-Aighne
 - (ii) Stiúrthóirí Ainmnithe
 - (iii) Poist Ainmnithe
 - (iv) Sealbhóirí oifigí agus poist áirithe arna bhforordú mar phoist ainmnithe faoi alt 18(3) d'Acht 1995
 - (v) Comhairleoirí Speisialta
- 6. Ceanglais i ndáil le hImréiteach Cánach
- 7. Leasanna In-Nochta faoi na hAchtanna um Eitic
- 8. Mínithe Aguisíni

Réamhrá

Rinneadh an deichiú heagrán seo de na treoirlínte do sheirbhísigh phoiblí i ndáil le comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Eitic a dhréachtú chun áireamh a chur ar leasaithe atá déanta ar Ionstraimí Reachtúla a achtaíodh sa bhliainta 2012 agus 2013 a leagann amach eagraíochtaí áirithe mar chomhlachtaí poiblí chun críocha na nAchtanna um Eitic agus lena ndéantar leasú ar na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus ar na poist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí. Tháinig I.R. 575 de 2012 agus I.R. 582 de 2012 i bhfeidhm ar an **1 Eanáir** 2013 agus tá feidhm ag an deichiú heagrán seo de na treoirlínte amhail ón dáta sin amach. Ina theannta sin, tháinig IR 265 de 2013 agus IR 271 de 2013 i bhfeidhm an 11 Iúil 2013. Áit a léirítear sin, beidh feidhm ag na treoirlínte ón dáta sin.

I gcás rialacháin breise lena bhforordaítear stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist ainmnithe fhostaíochta a bheith déanta ina diaidh sin, beidh na treoirlínte maidir le stiúrthóireachtaí agus poist den sórt sin i bhfeidhm ón dáta a luaitear.

I gcás go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tuilleadh rialachán tar éis do na treoirlínte seo a bheith foilsithe, lena bhforordófar comhlachtaí poiblí, stiúrthóireachtaí ainmnithe agus/nó poist ainmnithe fostaíochta i gcomhlachtaí poiblí, ach nach ndéanfar aon athruithe substainteacha ar na ceanglais ó thaobh reachtaíochta faoi mar a leagtar amach thíos, ní dhéanfar athbhreithniú ar na treoirlínte. Léireofar aon athruithe ar liostaí na gcomhlachtaí poiblí, na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus/nó na bpost ainmnithe fostaíochta sa mhír nó aguisín ábhartha. Is féidir méideanna tuarastail ábhartha cothrom le dáta freisin nuair is gá.

Déileáiltear leis na nithe seo a leanas sna treoirlínte:

- ráitis bhliantúla maidir le leasanna;
- ráitis maidir le leas ábhartha, agus
- ceanglais maidir le himréiteach cánach.

In Aguisíní 1 gheofar na formáidí le haghaidh ráiteas maidir le leasanna agus le haghaidh ráiteas 'nialas' atá le húsaid ag earnálacha éagsúla seirbhíseach poiblí.

In Aguisín 2, leagtar amach liosta reatha na bpost ainmnithe i Ranna/Oifigí státseirbhíse.

In Aguisín 3, leagtar amach liostaí reatha na stiúrthóireachtaí ainmnithe agus na bpost ainmnithe sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. In Aguisín 3 freisin, leagtar amach an t-oifigeach sa chomhlacht a dtugann stiúrthóirí ainmnithe ráitis dóibh agus an t-údarás iomchuí a dtugann sealbhóirí post ainmnithe ráitis dóibh.

Cuid 1: Reachtaíocht Iomchuí

Chun críocha na dtreoirlínte seo gairtear na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, le chéile.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (Acht 1995)

- Le hAcht 1995 bunaíodh an Coimisiún um Oifigí Poiblí agus na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann. Déantar foráil leis maidir le nochtadh leasanna ag sealbhóirí oifige, ag an Ard-Aighne, ag comhaltaí de Thithe an Oireachtais, ag comhairleoirí speisialta agus ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus sealbhóirí post ainmnithe sa státseirbhís agus san earnáil stát-tionscanta.
- 2. Le hAcht 1995 freisin déantar foráil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe ionchasacha agus maidir le treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt chun cabhrú le daoine forálacha na reachtaíochta a chomhlíonadh. Tuairiscítear go mion ann na cumhachtaí atá ag an gCoimisiún um Oifigí Poiblí, na cúinsí inar féidir gearáin a dhéanamh agus an próiseas ar tríd a dhéanfaí cinneadh chun tús a chur le himscrúdú.
- Le hAcht 1995 toirmisctear ar shealbhóirí oifige bronntanais luachmhara a choimeád agus leasaítear leis na Prevention of Corruption Acts, 1889 to 1916.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 2001 (Acht 2001)

- 4. Le hAcht 2001 leasaítear Acht 1995 ar roinnt bealaí. Déantar foráil leis maidir le bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An Coimisiún um Chaighdeáin) agus tugtar dó na feidhmeanna agus na cumhachtaí go léir a bhí ag a réamhtheachtaí, an Coimisiún um Oifigí Poiblí, faoi Acht 1995.
- 5. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin, mar a fuarthas iad ón gCoimisiún um Oifigí Poiblí, ná treoirlínte a fhoilsiú, comhairle a thabhairt agus imscrúdú a dhéanamh, agus tuarascáil a thabhairt, i dtaobh sáruithe ionchasacha ar na hAchtanna um Eitic. Baineann na feidhmeanna sin atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le sealbhóirí oifige (lena n-áirítear Airí agus Airí Stáit), leis an Ard-Aighne, le comhairleoirí speisialta agus le sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus stiúrthóirí post ainmnithe sa státseirbhís agus san earnáil státtionscanta. Tá na feidhmeanna céanna á gcomhlíonadh ag na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Seanad Éireann i ndáil le comhaltaí na dTithe sin nach sealbhóirí oifige iad.
- 6. Áirítear in Acht 2001 oibleagáidí maidir le himréiteach cánach atá le comhlíonadh ag an Ard-Aighne agus ag daoine a cheaptar chuig oifig shinsearach [i.e. poist ainmnithe nó stiúrthóireachtaí ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí a fhorordaítear faoi Acht 1995 ar poist nó stiúrthóireachtaí iad nach lú an luach saothair ina leith ná an luach saothair is ísle do Leas-Ardrúnaí sa státseirbhís (€191,924 le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2023). Tugtar sonraí i gCuid 6 maidir leis na ceanglais ina leith seo.

- 7. I gcomparáid le hAcht 1995, déantar foráil in Acht 2001 maidir le réimse níos leithne cúinsí inar féidir gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Is féidir gearán a dhéanamh anois chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin ní amháin i leith sealbhóra oifige, i leith an Ard-Aighne, i leith comhairleora speisialta, i leith duine a bhí, ag an tráth iomchuí, i seilbh <u>aon</u> stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí ach freisin i leith duine a bhí, ag an tráth iomchuí, i seilbh stiúrthóireachta nó poist fostaíochta i gcomhlacht poiblí. Déantar foráil le hAcht 2001 freisin maidir le díolúine do ghearánaigh agus bunaítear bonn leis ar tríd is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigigh Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúcháin a dhéanamh maidir le gearáin.
- 8. Le halt 10 d'Acht 2001 déantar socrú maidir le cóid iompair atá le tarraingt suas le haghaidh earnálacha sonraithe daoine. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin a fhoilsíonn na cóid agus léirítear iontu na caighdeáin iompair agus ionraicis le haghaidh na ndaoine lena mbaineann siad le linn do na daoine sin a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus léirítear nithe gaolmhara iontu freisin. Go dtí seo, tar éis comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Chaighdeáin, tá cóid tarraingthe suas ag an Rialtas mar threoir do shealbhóirí oifig, ag na Coistí iomchuí ar Leasanna Comhaltaí mar threoir do chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, seachas sealbhóirí oifige, agus ag an Aire Airgeadais mar threoir do státseirbhísigh. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cód nó cóid a tharraingt suas mar threoir do dhaoine a shealbhaíonn, nó ag a bhfuil, stiúrthóireachtaí de chuid comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne nó a shealbhaíonn, nó ag a bhfuil, poist i gcomhlachtaí den sórt sin. Tá na cóid inghlactha in aon

imeachtaí os comhair cúirte nó os comhair aon bhinse eile nó os comhair Coiste ar Leasanna Comhaltaí de chuid ceachtar Teach den Oireachtas nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus féadtar aon fhoráil de chuid cóid, ar foráil í a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhráite a bheith iomchuí i dtaca le ceist sna himeachtaí, a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

Cuid 2: Réamhrá leis na Treoirlínte

- 9. Is é an Coimisiún um Chaighdeáin a rinne na treoirlínte seo do sheirbhísigh phoiblí a tharraingt suas tar éis comhairle a ghlacadh leis na Coistí um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann, de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 25 (1)(a) d'Acht 1995. Baineann siad go sonrach le seirbhísigh phoiblí.
- 10. Tá treoirlínte ar leithligh foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le haghaidh sealbhóirí oifige (i.e. Airí, Airí Stáit, Ard-Aighne ar comhalta é nó í de chuid ceachtar Teach den Oireachtas, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach gach Tí agus Cathaoirleach ar Choiste de chuid ceachtar Teach nó ar Chomhchoiste den dá Theach, i gcás ina mbeidh an Coiste ainmnithe chun críocha reachtaíochta).
- 11. Cuireann na treoirlínte eolas ar fáil faoi na bearta nach mór do sheirbhísigh phoiblí a thagann faoi réim na nAchtanna um Eitic a ghlacadh d'fhonn ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh. I dteannta na dtreoirlínte, féadfaidh seirbhísigh phoiblí comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó maidir le feidhm aon fhoráil den sórt sin in aon chás áirithe.
- 12. Ní mór do sheirbhísigh phoiblí gníomhú de réir na dtreoirlínte agus de réir aon chomhairle a thabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, mura rud é go mbeadh foráil eile den reachtaíocht á sárú acu dá ndéanfaidís amhlaidh.

- 13. I gcás ina n-iarrtar ar an gCoimisiún um Chaighdeáin comhairle a thabhairt, ní mór dó an chomhairle sin a thabhairt laistigh de 21 lá nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh sé diúltú comhairle a thabhairt. Is é an nós imeachta is fearr, d'fhonn aon bhaol míthuisceana a sheachaint, ná iarrataí ar chomhairle a dhéanamh i scríbhinn (lena n-áirítear teachtaireachtaí ríomhphoist info@sipo.ie). De ghnáth déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach comhairle de chineál substainteach a thabhairt, nó a dhaingniú, i scríbhinn.
- 14. Nuair a ndéantar iarratas ar chomhairle chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin, faoi mar atá luaite i mír 11, ní bheidh feidhm ag an fhoráil den na hAchtanna um Eitic lena mbaineann, a mhéid a bhaineann leis an duine a dhéanann an iarraidh, maidir leis an duine sin i rith na tréimhse ón tráth a dhéantar an iarraidh go dtí go dtugtar an chomhairle nó go dtí go ndiúltaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle a thabhairt.
- 15. Beidh na treoirlínte seo inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte nó binse eile nó os comhair Coiste um Leasanna Chomhaltaí de chuid ceachtar Teach den Oireachtas nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus féadfar aon fhoráil d'aon chód, a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhráite a bheith iomchuí maidir le ceist sna himeachtaí, a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.
- Tá roinnt téarmaí tábhachtacha ann sa reachtaíocht agus sna treoirlínte seo. I dtaca leis sin de, tá liosta mínithe as an reachtaíocht le fáil i gCuid 8.

Cuid 3: Seirbhísigh Phoiblí lena mbaineann na Treoirlínte

- 17. Baineann na treoirlínte seo leis na daoine seo a leanas:
 - (i) duine nach comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann agus a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig an Ard-Aighne;
 (Más tú an tArd-Aighne agus más comhalta de chuid ceachtar Teach tú, is ceart duit na Treoirlínte do Shealbhóirí Oifige arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a léamh.)
 - (ii) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí, faoi mar a fhorordaítear le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe(féach Aguisín 3);
 - (iii) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post ainmnithe fostaíochta i gcomhlacht poiblí, arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, lena n-áirítear post nach lú an tuarastal uasta ina leith ná tuarastal Príomhoifigigh (Grád Seirbhíse Ginearálta) sa Státseirbhís i.e. €108,897 le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2023 (féach Aguisíní 2 agus 3);
 - (iv) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh oifig nó post mar a leanas:

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; Ombudsman; Coimisinéir Cosanta Sonraí, an Coimisiún Cosanta Sonraí (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;

Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach;

Coimisinéir Faisnéise;

Cláraitheoir na gCara-Chumann;

Ombudsman do Leanaí;

Cathaoirleach, Leaschathaoirleach na Cúirte Oibreachais nó gnáthchomhalta den Chúirt Oibreachais;

Comhalta den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí (seachas comhalta a shealbhaíonn oifig mar bhreitheamh de chuid aon chúirte);

Coimisinéir Teanga;

Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna;

Ombudsman d'Óghligh na hÉireann;

Ombudsman Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus Pinsean (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

Comhalta den Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána;

An Coimisinéir Luachála;

Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil;

Binse Achomhairc de réir bhrí Chuid 3 d'Acht na bPríosún

2007 (Uimh. 10 de 2007);

Cláraitheoir na gCuideachtaí;

Stiúrthóir na Seirbhíse Dócmhainneachta na hÉireann (le

héifeacht ón 11 Iúil 2013);

Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta;

POF, Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (le héifeacht ón 21 Samhain 2018); Breithneoir Seachtrach, An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (le héifeacht ón 21 Samhain 2018);

- (v) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh cibé oifig nó post eile a fhorordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- (vi) duine a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post mar chomhairleoir speisialta (mar a mhínítear i gCuid 8).

Cuid 4: Nós Imeachta maidir le Leasanna a Nochtadh - Ginearálta

- 18. Tá sé de cheangal ar dhuine lena mbaineann na treoirlínte seo ráiteas a thabhairt i scríbhinn maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (i) leasanna an duine, agus
 - (ii) leasanna a bhfuil eolas iarbhír ag an duine maidir leo, is é sin, leasanna a chéile nó a céile nó a pháirtneir nó a páirtnéir sibhialta nó leasanna de chuid linbh an duine nó de chuid leanbh a chéile nó a céile

ar leasanna iad a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn feidhmeanna oifigiúla an duine a chomhlíonadh, nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin, de bharr go bhféadfadh an comhlíonadh sin fearadh ar na leasanna sin go feadh méid a thabharfadh tairbhe shubstaintiúil don duine nó don chéile nó don leanbh nó a choimeádfadh tairbhe shubstaintiúil siar ón duine nó ón gcéile nó ón bpáirtnéir sibhialta nó ón leanbh. (*Tá leaganacha éagsúla de na ráitis le fáil in Aguisín* 1.)

- 19. Níl aon cheanglas dlíthiúil ann ráiteas a thabhairt i gcás nach bhféadfadh na leasanna tionchar ábhartha a imirt ar an duine le linn a fheidhmeanna oifigiúla nó a feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh, nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin.
- 20. Tá na leasanna dá dtagraítear thuas leagtha amach i mír 66. I gcás daoine ag a bhfuil poist ainmnithe sa státseirbhís, tugtar ráitis do Cheann na Roinne nó na hOifige lena mbaineann de ghnath. (*Tugtar sonraí in Aguisín 3 faoi na daoine ar ceart do shealbhóirí stiúrthóirí ainmnithe agus do dhaoine ag a bhfuil*

poist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí ainmnithe eile a thabhairt dóibh.)

- 21. I dteannta an ráitis leasanna dá dtagraítear i mír 18, tá sé de cheangal ar dhuine lena mbaineann na treoirlínte seo ráiteas a thabhairt, ag an am, i gcás ina mbíonn feidhm oifigiúil le comhlíonadh ag an duine agus go bhfuil eolas iarbhír ag an duine go bhfuil leas ábhartha aige nó aici, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm.
- 22. Tá nósanna imeachta éagsúla ann maidir le ráitis a thabhairt i gcás na n-earnálacha éagsúla atá liostaithe i mír 17. Dá réir sin, tá an nós imeachta do gach earnáil ar leith leagtha amach i gCuid 5.
- 23. Más rud é, maidir le duine lena mbaineann na treoirlínte seo, go bhfuil leas aige nó aici nach bhfuil leagtha amach i mír 66, nó go bhfuil eolas iarbhír ag an duine go bhfuil leas den sórt sin ag a chéile nó ag a céile nó ag a pháirtnéir nó a páirtnéir sibhialta nó ag leanbh de chuid an chéile, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoin leas sin a thabhairt don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh. I gcás ina dtabharfar ráiteas den sórt sin, beidh feidhm ag Acht 1995 agus beidh éifeacht leis amhail is dá mba leas atá leagtha amach i mír 66 an leas.
- 24. Más rud é, maidir le duine lena mbaineann na treoirlínte seo, go bhfaighidh sé nó sí comhairle ón gCoimisiún um Chaighdeáin, nó más léir ó na treoirlínte atá foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, go bhfuil leas de chuid an duine, nó de chuid céile nó páirtnéir sibhialta nó leanbh an duine nó de chuid leanbh an chéile, ina leas in-nochta, ní mór don duine lena mbaineann, a

luaithe is féidir, ráiteas faoin leas sin a thabhairt don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.

- 25. I gcás nach ndéanfaidh duine lena mbaineann na treoirlínte seo ceanglas a chomhlíonadh i dtaca le ráiteas leasanna a thabhairt, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoi na leasanna a thabhairt i scríbhinn don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.
- 26. I gcás ina dtagann athrú ar leasanna duine lena mbaineann na treoirlínte, nó ar leasanna chéile nó pháirtneir sibhialta an duine nó ar leasanna linbh dá chuid nó dá cuid nó ar leasanna leanbh an chéile, féadfaidh an duine, aon tráth, ráiteas faoin athrú a thabhairt i scríbhinn don duine nó do na daoine a bheidh ainmnithe chun ráitis den sórt sin a ghlacadh.

(i) AN tARD-AIGHNE

27. Mar Ard-Aighne tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú an oifig sin ar feadh aon chuid di ráiteas i scríbhinn maidir le do chuid leasanna mar a thuairiscítear i mír 18 a ullmhú agus a thabhairt don Taoiseach, agus don Choimisiún um Chaighdeáin, i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo. Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

An Chéad Ráiteas

28. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna agus is ceart é a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

29. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

30. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt laistigh de 28 lá ón dáta a dtagann deireadh leis an gceapachán.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

- 31. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na hoifige le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, san ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, roimh an gcomhlíonadh sin, nó a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na fíorais sin agus ar chineál an leasa a thabhairt i scríbhinn don Taoiseach agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 27.
- 32. Baineann comhlíonadh feidhme le comhlíonadh agat féin go pearsanta nó ag duine eile ar ordú uaitse nó ar ordú ó dhuine eile atá ag gníomhú thar do cheann agus eolas pearsanta agatsa ina leith sin.

(ii) STIÚRTHÓIRÍ AINMNITHE

33. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí ar feadh aon chuid di, faoi mar a fhorordaítear le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus do cibé oifigeach de chuid an chomhlachta a chinnfidh an t

tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. **Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.** Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

An Chéad Ráiteas

34. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an stiúrthóireacht ainmnithe atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an stiúrthóireacht (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

35. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

36. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Raiteas maidir le Leas Ábhartha

- 37. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na stiúrthóireachta, nó feidhm de chuid aon oifige nó poist eile a shealbhaíonn tú sa chomhlacht poiblí, le comhlíonadh agat agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt do na stiúrthóirí eile agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 33.
- 38. Measfar go bhfolaíonn na téarmaí ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an stiúrthóireacht ainmnithe téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó go sealbhaíonn tú post fostaíochta de bhreis ar stiúrthóireacht ainmnithe a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(iii) POIST AINMNITHE

39. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú post ainmnithe fostaíochta ar feadh aon chuid di i gcomhlacht poiblí arna fhorordú le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.

An Chéad Ráiteas

40. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an post ainmnithe fostaíochta atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an post (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

41. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

42. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

43. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid an phoist le comhlíonadh agat agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 39.

44. Measfar go bhfolaíonn na téarmaí ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an post ainmnithe téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná post ainmnithe fostaíochta amháin nó go sealbhaíonn tú stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó níos mó de bhreis ar phost ainmnithe amháin nó níos mó a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(iv) SEALBHÓIRÍ OIFIGÍ AGUS POIST ÁIRITHE ARNA bhFORORDÚ MAR PHOIST AINMNITHE FAOI ALT 18(3) D'ACHT 1995

45. Tá sé de cheangal ort gach bliain ar ina leith, nó i leith aon chuid di, a shealbhaigh tú, nó a raibh agat, aon cheann de na hoifigí ainmnithe nó de na poist ainmnithe, mar atá leagtha amach sa tábla thíos ráiteas a ullmhú agus a thabhairt i scríbhinn maidir le do chuid leasanna, arna dtuairisciú i mír 18, agus an méid sin a dhéanamh i bhfoirm arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a thabhairt don údarás iomchuí arna chinneadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an t-údarás iomchuí maidir le gach ceann de na hoifigí ainmnithe agus de na poist ainmnithe leagtha amach sa tábla freisin. Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo.

| | Oifig nó Post Forordaithe | Údarás Iomchuí |
|--------------|--------------------------------|----------------------------------|
| (i) | Ard-Reachtaire Cuntas agus | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | Ciste | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (ii) | Ombudsman | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (iii) | Coimisinéir Cosanta Sonraí, an | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | Coimisúin Cosanta Sonraí (le | Phoiblí agus Athchóirithe |
| | héifeacht ón 21 Samhain 2018) | |
| (iv) | Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí | Ard-Aighne |
| (v) | Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| | Corparáideach | agus Nuálaíochta |
| (vi) | Coimisinéir Faisnéise | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (vii) | Cláraitheoir na gCara- | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| | Chumann | agus Nuálaíochta |
| (viii) | Ombudsman do Leanaí | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| <i>(</i> ,) | | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (ix) | Cathaoirleach na Cúirte | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| | Oibreachais | agus Nuálaíochta |
| (x) | Leas-Cathaoirleach na Cúirte | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| () | Oibreachais | agus Nuálaíochta |
| (xi) | Gnáthchomhalta den Chúirt | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| / ••· | Oibreachais | agus Nuálaíochta |
| (xii) | Comhalta den Choimisiún um | Ceannasaí Riaracháin, an |
| / | Athchóiriú an Dlí | Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí |
| (xiii) | Coimisinéir Teanga | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| (| | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (xiv) | Ceannasaí Paitinní, Dearthaí | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| | agus Trádmharcanna | agus Nuálaíochta |
| (xv) | Ombudsman d'Óghlaigh na | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | hÉireann | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (xvi) | Ombudsman Sheirbhísí | Cathaoirleach, Comhairle |
| . , | | Ombudsman na Seirbhísí |
| | Airgeadais agus Pinsean (le | Airgeadais agus Pinsean |
| / ··· | héifeacht ón 21 Samhain 2018) | |
| (xvii) | Leas-Ombudsman um | Ombudsman Sheirbhísí Airgeadais |
| | Sheirbhísí Airgeadais agus | agus Pinsean |
| | Pinsean (le héifeacht ón 21 | |
| | Samhain 2018) | |
| (xviii) | Comhalta den Choimisiún | Ard-Rúnaí don Rialtas |
| · -/ | Ombudsman an Gharda | |
| | Síochána | |
| (xix) | An Coimisinéir Luachála | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | | Phoiblí agus Athchóirithe |

| | Oifig nó Post Forordaithe | Údarás Iomchuí |
|---------|---------------------------------|--|
| (xx) | Coimisinéir um Fhaisnéis | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | Comhshaoil | Phoiblí agus Athchóirithe |
| (xxi) | Binse Achomhairc de réir bhrí | Ard-Stiúrthóir ar Sheirbhís |
| | Chuid 3 d'Acht na bPríosún | Phríosúin na hÉireann |
| | 2007 (Uimh. 10 de 2007); | |
| (xxii) | Cláraitheoir na gCuideachtaí | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta |
| (xxiii) | Stiúrthóir na Seirbhíse | Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt |
| | Dócmhainneachta na hÉireann | agus Comhionannais |
| | (le héifeacht ón 11 Iúil 2013) | |
| (xxiv) | Rialálaí an Chrannchuir | Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais |
| | Náisiúnta (le héifeacht ón 29 | Phoiblí agus Athchóirithe |
| | Eanáir 2015) | |
| (xxv) | POF, Bord um Fhaisnéis do | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnóthaí |
| | Shaoránaigh (le héifeacht ón 21 | Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| | Samhain 2018) | |
| (xxvi) | Breithneoir Seachtrach, An | Ard-Rúnaí, An Roinn Gnó, Fiontar |
| | Coimisiún um Chaidreamh san | agus Nuálaíochta |
| | Ionad Oibre (le héifeacht ón 21 | |
| | Samhain 2018) | |

An Chéad Ráiteas

46. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí sin, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Má forordaíodh an post ainmnithe atá agat tar éis 1 Eanáir in aon bhliain ar bith, ba chóir go gclúdódh do chéad ráiteas an tréimhse ón dáta ar ar forordaíodh an post (nó dáta do cheapacháin má bhí sin níos déanaí ná an dáta sin) chomh fada le 31 Nollaig den bhliain chéanna. Ba chóir don ráiteas a bheith curtha ar fáil agat tráth nach déanaí ná 31 Eanáir sa bhliain dar gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

47. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

48. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

49. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid na hoifige nó an phoist le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, san ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don údarás iomchuí. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 45. 50. I gcás na bpost ainmnithe atá liostaithe ag (v) go (xx) sa tábla i mír 45, measfar, maidir leis na téarmaí fostaíochta ar fúthu a shealbhaíonn tú nó a shealbhaigh tú an post ainmnithe, go náirítear iontu téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo.

Nóta: Más rud é go sealbhaíonn tú níos mó ná post ainmnithe fostaíochta amháin nó go sealbhaíonn tú stiúrthóireacht ainmnithe amháin nó níos mó de bhreis ar phost ainmnithe amháin nó níos mó a shealbhú, ceanglaítear ort ráiteas maidir le leasanna a thabhairt, mar a mhínítear i mír 18, is é sin le rá ráiteas ar leithligh i leith gach stiúrthóireachta ainmnithe nó poist ainmnithe a shealbhaítear.

(v) COMHAIRLEOIRÍ SPEISIALTA

- Tá míniú ar cad is brí leis an téarma "comhairleoir speisialta" le fáil i gCuid 8.
- 52. Tagann deireadh le tréimhse fostaíochta nó le conradh comhairleora speisialta tráth nach déanaí ná an dáta a scoireann an sealbhóir oifige a dhéanann an ceapachán de shealbhú na hoifige ar faoina treoir is sealbhóir oifige é nó í. I gcás comhairleora speisialta d'Aire den Rialtas arna cheapadh nó arna ceapadh ag an Rialtas faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997, tagann deireadh leis an tréimhse fostaíochta nó le tréimhse an chonartha ar an dáta a scoireann an tAire de bheith ag sealbhú na hoifige ar faoina treoir atá sé nó sí ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige (i.e. ní faoi threoir athrú ar an Roinn dá sanntar an tAire). I gcás comhairleora speisialta arna cheapadh nó arna ceapadh ag an

Rialtas faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997 chuig Aire Stáit arna shannadh nó arna sannadh chuig Roinn/Oifig, tagann deireadh leis an tréimhse fostaíochta nó le tréimhse an chonartha nuair a thagann deireadh le sannadh an Aire Stáit chuig an Roinn/Oifig sin (cibé acu trí cheapachán mar Aire den Rialtas, trí shannadh chuig Roinn/Oifig eile, trí éirí as oifig, nó ar shlí eile thairis sin).

- 53. Baineann ceanglais na nAchtanna um Eitic, maidir le leasanna a nochtadh, mar atá leagtha amach i míreanna 54 go 58 thíos, le haon chomhairleoir speisialta a dtéann a luach saothair os cionn shuim an tuarastail ag an dara pointe incriminte fadseirbhíse ar scála an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin (ranníocaíocht phinsin neamhphearsanta) sa Státseirbhís, i.e. €65,621 ó 1 Deireadh Fómhair 2023.
- 54. Tá sé de cheangal ort gach bliain a sealbhaíonn tú nó ar shealbhaigh tú post mar chomhairleoir speisialta ar feadh aon chuid di ráiteas i scríbhinn ar do leasanna, mar a thuairiscítear i mír 18, a ullmhú i bhfoirm a chinnfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiritheagus a thabhairt don sealbhóir oifige lena mbaineann agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní mór duit do ráiteas a shíniú agus a dhátú tar éis dheireadh na tréimhse lena mbaineann do ráiteas de réir mar a fhoráiltear sna míreanna sin ina dhiaidh seo. Glacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le cóip de do ráiteas ach sin faoi réir síniú bunaidh a fháil.

An Chéad Ráiteas

55. Is ceart go gclúdóidh do chéad ráiteas an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta a ceapadh tú i mbliain áirithe, más déanaí, suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna agus is ceart é a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráitis Bhliantúla ina dhiaidh sin

56. Is ceart ráitis bhliantúla ina dhiaidh sin a dhéanamh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig agus is ceart iad a thabhairt tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

Ráiteas tar éis ceapachán teacht chun deiridh

57. Má thagann deireadh le do cheapachán i rith bliana, ní mór duit ráiteas a thabhairt maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin, nó ón dáta a ceapadh tú, más déanaí, suas go dtí an dáta ar tháinig deireadh leis an gceapachán. Is ceart an ráiteas sin a thabhairt laistigh de 28 lá ón dáta a dtagann deireadh leis an gceapachán.

Ráiteas maidir le Leas Ábhartha

58. In aon chás ina mbíonn feidhm de chuid an phoist le comhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír agat go bhfuil leas agat, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór duit, a luaithe is féidir, ráiteas ar na fíorais sin a ullmhú i scríbhinn agus a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní ceart duit an fheidhm a chomhlíonadh mura rud é go bhfuil cúiseanna maithe ann a fhágann gur ceart duit déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn tú an fheidhm a chomhlíonadh is ceart duit, roimh déanamh amhlaidh nó, mura bhfuil sé sin indéanta le réasún, a luaithe is féidir dá éis sin, ráiteas ar na cúiseanna maithe a ullmhú i

scríbhinn agus a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach sa mhír seo cibé acu atá nó nach bhfuil nochtadh déanta i leith leasa i ráiteas dá dtagraítear i mír 54.

- 59. Ceanglaítear gur ceart don sealbhóir oifige a ngníomhaíonn tú, nó ar ghníomhaigh tú, thar a cheann nó thar a ceann na doiciméid seo a leanas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas:
 - (i) cóip den chonradh, nó ráiteas i scríbhinn ar na téarmaí agus ar na coinníollacha, ar faoi nó ar fúthu a ghníomhaíonn tú nó a ghníomhaigh tú mar chomhairleoir speisialta,
 - (ii) cóip de do ráiteas leasanna féin (ní ráiteas leasanna céile nó páirtnéir sibhialta nó leanaí) a thug tú don sealbhóir oifige,
 - (iii) ráiteas maidir le cibé an bhfuil tú ina comhpháirtí gaoil nó páirtnéir sibhialta de chuid an tsealbhóra oifige agus
 - (iv) ráiteas ar na cáilíochtaí atá agat a bhaineann le do chuid feidhmeanna mar chomhairleoir speisialta.
- 60. Tá sé de cheangal ort gealltanas a thabhairt nach ngabhfaidh tú d'aon cheird, gairm nó slí bheatha eile a bhféadfaí a rá le réasún ina leith gurbh fhéidir léi cur isteach ar ról comhairleora speisialta nó a bheith ar neamhréir le ról comhairleora speisialta.
- 61. Measfar, maidir leis na téarmaí ar fúthu (a) a shealbhaíonn tú an post lena mbaineann alt 7(1)(e) den Acht um Bainistíocht na

Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, (b) atá tú ar fostú faoin gconradh le haghaidh seirbhísí lena mbaineann nó (c) a cheap a Rialtas thú faoi fhorálacha Alt 11(1) den Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí 1997, go n-áirítear iontu téarma á rá go gcomhlíonfaidh tú na ceanglais sin roimhe seo agus go dtagann deireadh le do cheapachán de réir na bhforálacha atá leagtha amach i mír 52 thuas.

Cuid 6: Ceanglais i ndáil le hImréiteach Cánach

62. Maidir le duine a cheaptar mar Ard-Aighne nó a cheaptar chuig oifig shinsearach [i.e. post ainmnithe nó stiúrthóireacht ainmnithe i gcomhlacht poiblí arna fhorordú faoi Acht 1995, ar post é nó stiúrthóireacht í nach lú an luach saothair ina leith ná an luach saothair is ísle do LeasArd-Rúnaí sa státseirbhís (€191,924 le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 2023) tá sé d'oibleagáid air nó uirthi na ceanglais atá leagtha amach anseo thíos a bhaineann le himréiteach cánach a chomhlíonadh. Níl aon ríachtanas ar comhairleoirí speisialta na hoibleagáidí seo a comhlíonadh. Tá feidhm ag na ceanglais maidir le daoine a stiúrthóireacht nó post ina stiúrthóireacht ainmnithe nó post ainmnithe ag am an ceapachán.

Le mír 5 de I.R. 699 de 2004, inter alia, forordaítear mar phost ainmnithe gach post ar ina leith nach bhfuil an tuarastal uasta níos lú ná an tuarastal uasta atá ag príomhoifigeach (grád seirbhíse ginearálta, Aicme B ÁSPC) sa Státseirbhís, ar post é in aon chomhlacht poiblí a gcomhlíontar na critéir seo a leanas ina leith:

- comhlacht, eagraíocht nó grúpa a bunaíodh
 - (a) le haon achtachán nó faoi aon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990), nó
 - (b) faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi achtachán eile, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go

páirteach le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna dtabhairt nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó trí scaireanna a shealbhaíonn Aire den Rialtas, nó a shealbhaítear thar ceann Aire den Rialtas, a eisiúint, nó

- cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) ar ina leith a shealbhaíonn Aire den Rialtas tromlach a scaireanna nó a shealbhaítear tromlach a scaireanna thar ceann Aire den Rialtas, nó
 - aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa eile atá ceaptha ag an Rialtas nó ag Aire den Rialtas.

Dá réir sin, tá feidhm ag na socruithe imréitigh cánach atá leagtha amach thíos maidir le haon duine a cheaptar, ar an 1 Eanáir 2005 nó dá eis, chuig post fostaíochta in aon chomhlacht poiblí a gcomhlíontar na critéir thuas ina leith (bíodh an comhlacht poiblí liostaithe sna Sceidil a ghabhann le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Airgeadais ó 2004 ina bhfuil stiúrthóireachtaí ainmnithe nó poist ainmnithe fostaíochta forordaithe) ar post é nach bhfuil an luach saothair ina leith níos lú ná an luach saothair is ísle atá ag Leas-Ardrúnaí sa Státseirbhís.

Ní mór do dhuine a cheaptar chuig oifig shinsearach de réir an méid sin thuas an t-abhar seo a leanas a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin <u>tráth nach déanaí ná naoi mí tar</u> <u>éis dháta an cheapacháin</u>:

 Deimhniú Imréitigh Cánach a eiseoidh an tArd-Bhailitheoir, ar é a iarraidh, i gcás ina gcomhlíonann duine atá le ceapadh na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na hAchtanna Cánach Ioncaim, leis an Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, arna leasú, leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus leis an Acht Cánach Breisluacha 1972, arna leasú, (na hAchtanna), i ndáil le híoc nó tarchur aon chánacha, ús nó pionóis atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim agus i ndáil le seachadadh aon tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt. I dtaca leis an Deimhniú Imréitigh Cánach de, ní mór é a bheith eisithe ag an Ard-Bhailitheoir laistigh de thréimhse 9 mí roimh dháta an cheapacháin nó laistigh de thréimhse 9 mí dá éis sin <u>nó</u>

- Ráiteas Iarratais a eisíonn an tArd-Bhailitheoir, ar é a iarraidh, á rá go bhfuil iarratas déanta ag an duine ar Dheimhniú Imréitigh Cánach agus nach ndearnadh aon chinneadh ar an iarratas. Dhéanfadh an tArd-Bhailitheoir Ráiteas Iarratais a eisiúint i gcás nach bhfuil cinneadh déanta fós i dtaobh Deimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint nó a dhiúltú, nó i gcás inar diúltaíodh d'iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach agus go raibh an diúltú ina ábhar achomhairc nó ina ábhar achomhairc breise a bhfuiltear ag fanacht le cinneadh ina leith. Ní mór Ráiteas Iarratais a eisíodh chuig an duine agus a rinneadh laistigh de thréimhse 9 mí roimh dháta an cheapacháin nó laistigh de thréimhse 9 mí tar éis dháta an cheapacháin a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 9 mí tar éis dháta an cheapacháin, **agus**
- Dearbhú Reachtúil, arb é atá ann ná dearbhú a dhéanann an duine atá le ceapadh agus a dhéantar de réir an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938, arna leasú, á fhianú

go bhfuil an duine atá le ceapadh, tráth déanta an dearbhaithe, de réir mar is fearr is eol dó nó di nó mar a chreideann sé nó sí, ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear air nó uirthi leis na hAchtanna dá dtagraítear thuas agus nach eol dó nó di go bhfuil aon chosc ann maidir le heisiúint Deimhnithe Imréitigh Cánach. Ní mór an Dearbhú Reachtúil a dhéanamh tráth nach faide ná mí amháin roimh dháta an cheapacháin nó tar éis dháta an cheapacháin.

Mar shampla, ní mór do dhuine a cheaptar chuig oifig sinsearach ar an **1 Márta 2013**:

- (a) dearbhú reachtúil a dhéanamh tráth nach luaithe
 ná an 2 Feabhra 2013 agus tráth nach déanaí ná an
 31 Márta 2013 agus
- (b) (i) an dearbhú reachtúil sin, agus
 - (ii) deimhniú Imréitigh Cánach (arna eisiúint tráth nach luaithe ná an 2 Meitheamh 2012 agus tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2013) nó Ráiteas Iarratais (arna dhéanamh tráth nach luaithe ná an 2 Meitheamh 2012 agus tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2013) a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach déanaí ná an 30 Samhain 2013.
- 63. Má sháraítear na ceanglais thuas féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh agus tarraingeofar suas

tuarascáil scríofa ar thoradh an imscrúdaithe. I gcás Ard-Aighne, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip den tuarascáil don Taoiseach agus cuirfidh an Taoiseach faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. I gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóip den tuarascáil don chomhlacht poiblí lena mbaineann agus cuirfidh sé faoi deara cóipeanna den tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí.

- 64. I gcás ina ndéanfaidh Ard-Aighne nó duine a cheaptar chuig oifig shinsearach na ceanglais thuas a shárú, ní mór dó nó di Deimhniú Imréitigh Cánach agus/nó Dearbhú Reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin a luaithe is féidir agus, ar aon chor, laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear Deimhniú Imréitigh Cánach nó a dhéantar Dearbhú Reachtúil de réir mar a bheidh.
- 65. I gcás nach mbeidh na ceanglais thuas comhlíonta ag Ard-Aighne nó ag duine a cheaptar chuig oifig shinsearach faoin am atá Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don bhliain atá i dtrácht, nó aon tuarascáil den sórt sin dá éis sin, á hullmhú, déanfaidh an Coimisiún, i gcás Ard-Aighne, an neamhchomhlíonadh a shonrú sa tuarascáil agus, i gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, an neamhchomhlíonadh a chur in iúl do cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann. Nuair atá comhlíonadh curtha i gcrích, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, i gcás Ard-Aighne, fógra ina leith sin a chur in iúl don Taoiseach agus cuirfidh an Taoiseach faoi deara cóipeanna den fhógra a leagan faoi bhráid na dTithe agus, i gcás duine a cheaptar chuig oifig shinsearach, an méid sin a chur in iúl do cheann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann.

Cuid 7: Leasanna In-Nochta faoi na hAchtanna um Eitic

- 66. Is iad seo a leanas na leasanna dá dtagraítear i mír 18 agus is iad na leasanna iad a shonraítear sa Dara Sceideal d'Acht 1995. Is ceart a thabhairt do d'aire nach gá méid nó luach airgid aon leasa nó an luach saothair ó aon cheird, gairm, fostaíocht nó slí bheatha eile a chuirtear san áireamh i ráiteas a shonrú sa ráiteas. Ciallaíonn tagairt sa mhír seo do "i rith na tréimhse iomchuí" i rith na tréimhse atá le bheith clúdaithe leis an ráiteas leasanna.
 - (a) Ioncam ó Shlí Bheatha, etc.

Ceird, gairm, fostaíocht nó slí bheatha eile (seachas an ceann sin a shonraítear i mír 17) atá ag an duine lena mbaineann aon tráth i rith na tréimhse iomchuí i gcás an luach saothair a fuair an duine e.g. pá, pinsean, sochair chomhchineáil, ioncam ó chíosanna etc. a bheith os cionn \notin 2,600 i rith na tréimhse.

(b) <u>Scaireanna, etc.</u>

Sealbhán scaireanna, bannaí, bintiúr nó infheistíochtaí eile den tsamhail chéanna atá ag an duine in aon chuideachta áirithe nó in aon fhiontar nó gnóthas eile, i gcás inar mó luach ainmniúil comhiomlán nó luach margaidh comhiomlán an tsealbháin sin ná €13,000 aon tráth i rith na tréimhse iomchuí. Ní fholaíonn sealbhán airgead I gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó i gcuntas eile den tsamhail chéanna le foras airgeadais ach folaíonn sé sealbhán in iontaobhais aonaid nó i gcistí bainistithe.

(c) <u>Stiúrthóireachtaí</u>

Stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht atá ag an duine lena mbaineann in aon chuideachta aon tráth i rith na tréimhse iomchuí.

(d) Talamh (lena n-áirítear áitreabh)

Aon leas atá ag an duine lena mbaineann i dtalamh, lena náirítear talamh sa Stát agus talamh in aon dlínse eile, ar leas é ar mó a luach ná €13,000 aon tráth i rith na tréimhse iomchuí. Áirítear anseo leas in aon chonradh chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil éarlais nó páirtíocaíocht tugtha faoin gconradh. Folaíonn sé freisin leas in aon rogha a shealbhaítear chun talamh a cheannach cibé acu atá nó nach bhfuil aon chomaoin íoctha ina leith nó i dtalamh ar ina leith a feidhmíodh rogha den sórt sin ach nár tíolacadh í.

